leaṫanaċ na nóg

Ní ualaċ do scolairí an Ġaeilge

A ċruṫú sin i dtorṫaí na meán teistiméaraċta

Torṫaí na Meán-tistiméireaċta, nuaiḋeaċt mór na seaċtaine seo caite. Agus cluinim go raiḃ an leaṫ-lae a fuair mórán scolṫaċa ina áḃar áṫais ag cuid mór scoláirí. Moṫaím an dea-scéala fá iar-scoláirí Ċoláiste Crónа, agus de réir na scéaltaí a moṫaím, is fíor ḃeag duine acu naċ ḃfuair onóraċa sa Ġaeilge, ar scor ar biṫ.

Comġáirdeaċas ar leiṫ, le beirt scoláirí speisialta. Ḃí Máire Ní Ċaṫain as Ceannanus Mór i gColáiste Crónа gaċ uile ḃliain ón ċéad ḃliain a d'oscail sé. Ḃí sí beag go maiṫ an ḃliain sin, ar ndóiġe. Rinne sí an Meán-Teistiméireaċt i mbliana, agus ní naċ ionaḋ, fuair sí Onóraċa sa Ġaeilge, aċ, ċom maiṫ leis sin, fuair sí Onóraċa i SEAĊT n-áḃar ar fad. Comġáirdeaċas. Agus a comráidí, Áine Ní Ġiolla Ċearra. Ḃí sise i gColáiste Crónа, gaċ bliain ó bunaíoḋ é, aċ amáin anuraiḋ, nuair a ċuaiġ sí ar saoire go Meiriceá ċuig a h-uncail ansin. Fuair sise Onóraċa sa Ġaeilge ċom maiṫ, agus fuair sí Onóraċa in OĊT n-áḃar ar fad. Naċ maiṫ an freagra sin ar ḋaoine adeir gur cur-amú ama atá sa Ġaeilge.

Comġáirdeaċas posta leis na scoláiri ó Cloċar Marist, Baile Ċaṫail, ó Roscomáin (Cloċar na Trócaire), ó Eadan Doire (Cloċar Naom Muire); ó Ċoláiste Mel; Coláiste Muireaḋaiġ; Cloċar na Trócaire, An Uaim; Cloċar Doiminiceánaċ, Bóṫar na hUaime; Sráid Nallaí an Rí, a ndearna na scoláiri iontú go h-an maiṫ ag an Meán Teistiméireaċt.

Tá muid istiġ i nDeire Fómair. B'ḟada an mí Meán-Fómair. Déanta na fírinne, tá sé cosúil leis an luan sa tseaċtain. An ċéad mí taréis na laeṫa saoire, nuair naċ mbíonn faic agat le hamarc ar agaiḋ fána ċoinne. Aċ nuair a ṫig tú ċom fada le Deire Fómair, bíonn tú ag smaoineaḋ ar Ṡamain agus cúpla lá saoire, agus ansin ní ṁoṫaíonn tú an t-am ag sleamnú go Nollaig. An rud is mó a gcuimnim féin air faoi Meán-Fómair, ná an cur-síos iontaċ atá ag Seán Mistéal, ar áilneaċt na hÉireann, san Ḟómar: cur-síos a scríoḃ sé agus é amuiġ ina príosúnaċ ag Sasain, ar Oileáin na Barbados. Is álainn an píosa scríoḃneoireaċta é, más i mBéarla féin atá sé.

Aċ ar ċuma ar biṫ, istiġ i nDeire Fómair atáimid agus tá sé i n-am againn tosaiġ ar comórtaisí faoi mar adúirt mé an tseaċtain seo caite. Tá áḃar do ḋá ċomórtas tugṫa an tseaċtain seo: ceann amháin do ḋaoine os cionn 15 a mbeiḋ súil acu ar an Árd-Teistiméireaċt amaċ anseo, agus ceann eile don dream faoi 15. Gan dul ṫar trí-leanṫanaċ foolscap, i gcás na hÁrd-Teistiméireaċt, nó ḋá leaṫanaċ foolscap i gcás na Meán-Teistiméireaċta. Greamaiġ cupón ón eagrán seo, agus ċuir ċun bealaiġ é roiṁ an Aoine seo ċugainn, an 8ú lá de Ḋeire Fómair.

Duaiseanna: £1: 10s., agus 5s. in gaċ roinn.

Ní ġlacfar le aistí muna mbíonn siad scríofa ar ṫaoḃ amháin den páipéar, agus iad a ḃeiṫ curṫa sa post ar, nó roiṁ an Aoine, 8-10-65.

Sinsir: EASTÁIT TIONSCLAĊ.
Sóisir: AG BAILIÚ SMÉARA.

---

cupón

AMÁRAĊ

1-10-1965.

Cuiṁní Camera ar Coláiste Crónа

beirt bacaċ

Caitlín Ní Raifeartaiġ agus Máire Ní Ḋódaiġ ag an ċéilí bréagéadaí.

LA BREITHE AN tSEACHTAIN SEO

La breithe aoibhinn do na leitheoirí seo:

Mairt, 5u la: Una de Burca, 19 Sraid Niall, Cuar Bhothar Thuaidh, Ath Cliath, Mairtin O Tuama, 31, James's St., Cookstown.

Ceadaoin, 6u la: Maire Ni Bhroin, 11 Bothar Ard Phadraig, Ath Cliath; Traolach Ni Choilligh, Rath an Gairdin, Ceanannus Mor.

Diardaoin, 7u la: Caitriona Ni Riain, Baile Mathgamhna, Longphort.

De hAoine, 8u la: Peadar O Corrai, Cill Cathlaigh, Cabhan; Brid Ni Dhomhnaill, Caonach, Longphort.

Ára Mór

Dála an cuntas ar petrol a ṫaḃairt insan Naoṁ Éanna, go Cill Rónáin, is speisiúil é naċ ḃféadfaḋ na báḋaí in Árainn Ṁóir petrol a iompar agus áraċas a ḃeiṫ acu agus gur b'éigin do ḋuine le cur ċun tosaí, caideál petrol a ċur suas ar an oileán féin, san dóiġe a mbeaḋ petrol le fáil i gcónaí ag na gluaisteáin agus tarraicíri agus eile atá ar an oileán.

gearrscéal

"Seán Dearg"

Ailḃe Ó Monaċáin a Ḋaiṫris

Ċím ins na nuaċtáin go ḃfuil na h-aontaiġ ag dul i laiġead, agus d'réir a ċéile ag dul as ar fad ar fud na tíre. Is mór an trua é sin mar ba gné saiṁúil pioctúrṫa de'n saol Gaelaċ an t-aonaċ. D'réir tuairisce is fearr le feirmeoirí an lae inniu na margaí ceantála. Díoltar na h-ainmiṫe go tapaiḋ gan aon ṁairgearaċt. Sílim naċ ḃfuil na siopadóirí ins na bailte aonaiġ ċom sásta leis an aṫraċ na ba ṁór an méid d'airgead síos a ċuaiġ ċuca lá aonaiġ. Is rud léaṁ, neambeo é margaḋ ceantála i gcomórtas leis an ḃeoċt a ḃíoḋ ar aonaċ, agus go h-áiṫrid ar aonaċ capall. Aċ is cosúil naċ ḃfuil an oiread sin capall fágṫa san tír agus a ḋéanfaḋ aonaċ maiṫ amháin san ḃliain. Ba iontaċ ar fad mar ṫaḃairt-amaċ é aonaċ capall. Na céadta capall de gaċ daṫ, croṫ, cuma agus pór ón seang-eaċ rása nó seilge go dtí an clibistín fiaṫa. Agus ḃíoḋ na daoine a ṫaiṫíoḋ aonaċ capall lán ċom suantasaċ, éagsúil leis na h-ainṁiṫe. Ḋíbir na innleáin ċumaċt - ṫiomáinte na capaill— agus na daoine. Ceannuítear na h-innleáin feirme ṫar lear agus imṫiann na daoine ṫar lear ag iarraiḋ oibre.

Ag smaointiú dom ar na h-aontaiġ capall a ḃíoḋ ann uair a ṫug ċun mo ċuiṁne capall éagsúil a ċeannuiġ muid ar aonaċ uair. Capall seilge a ḃí ann. Beaṫaċ árd breá feiṫeannaċ, ciúin, cineálta a ḃí ann. Ḃí daṫ-donn rua air, nó buḋ cirte a rá gur donn-dearg a ḃí air na ní ḟaca mé ariaṁ aon ċapall a ḃí ċom dearg leis, agus is ón daṫ sin a fuair sé a ainm, Seán Dearg. Ḃí tíoránaċ ins an duṫaiġ sagainne uair a dtugṫaí Seán Dearg Nais air, ainm a ḃí coṁċiallaċ le Oiliḃear Cromṁaol i gcuiṁne na ndaoine. Ar ndóiġ ba ṁór an náire é a leiṫéid d'anam a ċur ar ainṁe boċt aċ mar ṁagaḋ a rinneaḋ é ar dtús agus lean an t-ainm dó.

Ba ḃreá an beaṫaċ é Seán Dearg agus ṫaitin a ċuma agus a ċoisimeaċt go mór linn ar an aonaċ agus níor h-iarraḋ praġas ró-árd air. Ar ndóiġ ní raḃṫas ag iarraiḋ airgead mór ar ċapaill ins an am sin, indiaiḋ an ċéad Ċogaiḋ Ṁóir, na ní raḃ éileaṁ maiṫ orṫa. Le linn an ċogaiḋ (1914-1918) ḃí an éileaṁ ar fad orṫa ag Arm Ṡasana, go h-áiṫrid ar capall Ġaelaċa, capaill tarraingṫe agus capaill laidre seilge ("trúpairí") an dá ċapall is fearr ar doṁan. Ḃí an dá sórt seo capall ġá dtógáil ag gaċ aon ḟeirmeoir san tír agus nuair a ḃí deireaḋ leis an ċogaḋ, agus gan acu éileaṁ níos mó orṫa ag Arm Ṡasana, ḃí an tír lán de ċlibistíní bréaduiṫe ⁊ neaṁḃréaduiṫe ar ġaċ feirm, ⁊ ḃí bromaiġ ar fáil "ar aṁrán" mar deirtear. Níorḃ iontaċ linn, mar sin, go dtáinig linn margaḋ maiṫ a ḋéanaṁ leis an ḟear a ḃí ag díol Seáin Dearg.

Ḃímid bródúil go maiṫ as ár margaḋ agus ní raḃ aon aṁras againn ar an fear a díol linn é na ní tincéir a ḃí ann. Aċ tá daoine eile ann atá ċom ċliste leis na tincéirí i gcionn doċtúireaċta ainṁiṫe. Corr uair — más annaṁ é — díolann na tincéirí ainṁiṫe cneasta. Ceannuiann siad (na tincéir) capaill de gaċ sórt ar fud na tíre idir capaill ṁalluiṫe naċ dtig le daoine a smaċtú agus staigíní i ndeireaḋ a maiṫeasa, ⁊ is éaċtaċ mar ṫig leis na mangairí capall brúid fiaṫa a ṫaḃairt ċun mine, agus staigín leaṫṁarḃ a ċur ag pramsáil ar fud an aonaiġ, beoċt a ṁaireas an fad is a ṁaireas an t-aonaċ ar a laiġead, agus, de ġnáċ, tamall ina ḋiaiḋ sin. go dtí go mbíonn an t-ainṁe sa ḃaile ag an ċeannuiṫeoir ḃoċt. Seaḋ! Ṡílimid go raḃ margaḋ maiṫ againn i Seán Dearg, aċ lá ṫar na ṁaraċ nuair a ḃí sé ag obair tamall ṫosaiṫ sé ag feadaoil, seaḋ, "feadaire" a ḃí ann—is é sin capall analḃriste.

Ní féidir a ḃeiṫ ag braṫ ar "ḟeadaire", ḃeaḋ sé go maiṫ lá, nó ar feaḋ cúpla lae, agus lá eile ní féidir é a ċur ag obair, agus ba ṡin mar ḃí ag Seán Dearg. Lá amháin ḃí sé fé trucail againn agus ualaċ measara trom ġá ṫarraingt aige. Ṫárla sé gur lá seilge a ḃí ann, agus ċuaiġ na sealgairí treasna na tíre i n-aice leis an páirc mar a raḃ muid ag obair, nuair ċuala Seán Dearg an aḋarc fiaiġ, ċuaiġ sé ó smaċt agus ba éigin dúinn é a scor ón trucáil agus d'imiġ sé i ḃfiaiḋ ar fud na páirce ag iarraiḋ ḃriseaḋ amaċ.

Coiméadaḋ san stabla é an céad lá eile seilge agus is beag nar ṫarraing sé an stabla anuas air féin nuair a séideaḋ an aḋarc fiaiġ.

Ḃímid aireaċ an ċéad lá eile seilge. Ḃí Seán Dearg i gcúilín againn, i n-áit naċ mbeaḋ léim roṫaiġ ṫar fal aige, agus, ċun a ḃeiṫ cinnte de, cuireaḋ sceaca ar an ġeata ċun an ḃearna sin a ċeilt air. Aċ léim sé amaċ, léim ċom h-árd is dóċa agus rinne aon eaċ árdléime ariaṁ, ṫar sceaca agus geata. Ní raḃ aon duine againn ar an tseilg an lá sin aċ ċuala muid an ċuid eile den scéal ó ċoṁursanaċ a ḃí. D'réir mar h-innsíoḋ dúinn ḃí na sealgairí tamall maiṫ ar ṡiúl nuair d'éiriġ le Seán Dearg an geata a ċur de aċ ní raiḃ na lorgaí fada i ḃfad ag teaċt suas leo. Ba aiṫ leis na daoine capall mór gan ṁarcaċ a ḟeiceáil ina measc, aċ ó naċ raḃ srian nó diallait air ḃí siad sásta nar ṫárla aon timpist. D'aiṫin cuid de na daoine Seán Dearg agus ḃí a ḟios acu ciarḃ leis é. Ní raḃ sé i ḃfad imeasc na marcaċ go dtí go dtearn sé a ḃealaċ ċun tosaiġ rompa amaċ. Agus as sin amaċ ba é treoraí na seilge. Ḃain na sealgairí sult mór as imṫeaċtaí an ġrísciḋ—ḃí sé ċom staidéaraċ, cúramaċ sin ag dul trasna talaiṁ ġairḃ dó go ndúirt daoine go raḃ síoḋ-ṁarcaċ ar a ṁuin ġá ṫreorú.

Ag deireaḋ na seilge nuair ṫáinig na marcaiġ le ċéile ní raḃ Seán Dearg le feiceáil ina measc. Is rí-ċosúil gur ṫuig sé go maiṫ ó naċ raḃ marcaċ air le ḃeiṫ ag cainnt leis na daoine naċ raḃ aon ġnaiṫe aige leo, nó aca leis, agus d'éalaiġ sé uaṫa aḃaile. Ċonnactas é ag bualaḋ an ḃóṫair ar a ḃog-stróc, agus ṫáinig sé go doras na cistiniġe ins an otrann, agus d'ḟan sé ann -sin go dtí go ḃfacas é. Ar ndóiġ ní raḃ a ḟios againn go raḃ sé amuiġ ar an tseilg, aċ d'aiṫniġ mid air go raḃ sé tuirseaċ. Cuireaḋ ina stabla é agus tugaḋ cuimilt maiṫ dó.

Le linn na seilge ḃí a lán de na sealgairí ag fiseoraċt i dtaoḃ an ċapaill. aċ d'réir cosúlaċta ní ḋúirt aon duine a raḃ an t-eolas aige gur "feadaire" a ḃí ann, agus ċuala muid, ní raḃ aon rian den ġalar air le linn na seilge. Ṫáinig a lán daoine ċugainn aḋ iarraiḋ an capall iontaċ a ċeannaċt, agus ḃí an - tiomi... orṫa nuair a ċuala siad fá'n anáil ḃriste. Orṫa sin a ṫáinig ag aṁarc ar Ṡeán Dearg ḃí fear meán-aosta agus cailín. Dúirt an fear naċ ḃfaca sé ariaṁ aon-ċapall a ḃí ċom cliste, ciallṁar. Ḃí éisteaċt iontaċ aige agus lean sé na gaḋair go neaṁṡeaċránṫaċ i gcónaí. Is aiṫ liom, arsa an fear seo, go gcuirfeaḋ aon duine capall ċom maiṫ. dílis ċuig aonaċ nuair briseaḋ a ṡláinte air. Ba díomḃuiaċ an gníoṁ é, aċ is cosúil go ḃfuil scéal éigin brónaċ taoḃ ṫiar de sin, agus gurḃ éigin do ḋuine a dtáinig caill ṁór air é a ḋíol.

Ḃímid ag cainnt ag geata páirce. Ḃí Seán Dearg ag inneilt ag ceann uaċtaraċ na páirce. Leig an cailín cúpla fead air agus ṫáinig sé anuas ar ċos i n-áirde mar ḃeaḋ searraċ óg ann, agus ḃí sé sin ag an ċailín a raḃ sé ag dúil leis, cnap siúcra. Má ḃí Seán Dearg mór féin ba léir gur peaṫa leis na mná a ḃíoḋ ann.

Díolaḋ Seán Dearg ar an méid a tugaḋ air. Dúirt an fear naċ mbeaḋ aċ obair éadtrom le ḋéanaṁ aige agus ní ḃeaḋ sé uaigneaċ imeasc na gcapall eile

Gaeilgeoir ionadaí Europaċ na hÉireann

Tionólaḋ an 9ú seisiún den Ċoṁḋáil Rialtas ar Ṡeirḃís Ṗoiblí na hEorpa i dTeaċ Laiġean ón 29ú Meán Fómair go dtí an 4ú Deireaḋ Fómair. Ar ṫionscnaṁ Ċoṁairle na hEorpa a bunaíoḋ an Ċoṁḋáil seo, d'ḟonn rialaċáin ḟoirne a ṁolaḋ a ḃeaḋ oiriúnaċ do na heagraíoċtaí idir-náisiúnta poiblí Eorpaċa go léir, mar ċéim i dtreo an lá ar féidir Seirḃís Ṗoiblí idirnáisiúnta amháin a ḃeiṫ ann don Eoraip. Tagann an Ċoṁḋáil le ċéile i gcaṫraċa éagsúla na hEorpa. Seo é an ċéad tionól i mBaile Áṫa Cliaṫ, mar a ḃfuil sí ag teaċt ar ċuireaḋ ón Aire Airgeadais. Cuirfiḋ Seán Ó Muireaḋaiġ as an Roinn Airgeadais fáilte roiṁ na teaċtaí ag a gcruinniú tosaiġ.

An tUasal Ḃraimcín as Roinn Gnóṫaí Coigríċe na Ḃeilge atá ina uaċtarán ar an gCoṁḋáil, ⁊ is iad na Leasuaċtaráin na hUaisle G. H. van Herwaarden as Roinn Gnóiṫí Intíre na hOllainne agus R. F. Johnston as Oifig Ċoigċríċe na Breataine. An tUasal A. Daussin as Strasbourg teaċta Ċoṁairle na hEorpa. Seán ÓhÉigeartaiġ as an Roinn Airgeadais ionadaí na hÉireann.

I láṫair ḃeiḋ ardoifigiġ ṫar ċeann 16 Rialtas Eorpaċ agus stiúrṫóirí foirne agus ionadaiṫe eile ó 15 eagraíoċt Eorpaċ, ina measc Coṁpoḃal Eacnamaíoċta na hEorpa, Coṁpoḃal Guail agus Cruaċ na hEorpa, Euratom, Eurocontrol, an Eagraíoċt Eorpaċ um Ṫaighde Eiṫneaċ (CERN). Eagraíoċt Ċonraḋ an Atlantaiġ Ṫuaiḋ (NATO), agus an Eagraíoċt um Ċoṁar agus Forḃairt Eorpaċ (OECD).

Árdú do Ḃrian Mac Caṫḃaid

Ṡocraiġ Coiste Gairm Oideaċais Ḋún na nGall ar Ḃrian Mac Caṫḃaid, mar Árd Ṁáistir gníoṁaċ, ar Gairmscoil Ḃéal Áṫa Seanaiġ, go ceann sé ṁí. Ḃí molaḋ ann an ceapaċán a ḋéanaṁ buan, aċ ċuir cuid de na baill ina ċoinniḋ. Dúirt an Caṫaoirleaċ, an Monsignor Ró-Oirṁinneaċ Fioḋḃra, S.P., go raiḃ deacraċt faoi ceapaċán nua, mar dá gceapfaí duine a raiḃ cailíoċt aige a ḃí ag an múinteoir a ḃí ansin ċeana, ċaiṫfí an múinteoir a aistriú go áit éigin eile.

Ċaiṫ Brian Mac Caiḃéid tréiṁse fada ar iasaċt ag oCṁḋáil Náisiúnta na Gaeilge, agus é mar Stiúrṫóir ar an údarás sin.